**RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/731 ÓN gCOIMISIÚN**

**an 3 Aibreán 2023**

**maidir le clár rialaithe comhordaithe ilbhliantúil Aontais le haghaidh 2024, 2025 agus 2026 chun a áirithiú go gcomhlíonfar uasteorainneacha iarmhar lotnaidicídí agus chun neamhchosaint tomhaltóirí ar iarmhair lotnaidicídí i mbia agus ar bhia de bhunadh plandaí agus ainmhíoch a mheas agus lena n-aisghairtear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/741**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Feabhra 2005 a mhéid a bhaineann le huasleibhéil iarmhar lotnaidicídí i mbia agus i mbeatha de bhunadh plandaí nó ainmhíoch agus lena leasaítear Treoir 91/414/CEE ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 29(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (CE) Uimh. 1213/2008 ón gCoimisiún ([2]), bunaíodh céadchlár rialaithe comhordaithe ilbhliantúil Comhphobail, lenar cumhdaíodh na blianta 2009, 2010 agus 2011. Leanadh leis an gclár sin faoi rialacháin as a chéile, arb é Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/741 ón gCoimisiún ([3]) an ceann is déanaí díobh.

(2) Is idir tríocha agus daichead táirge a bhíonn i mbunús aiste bia an phobail san Aontas Eorpach. Ós rud é go mbíonn athruithe suntasacha le sonrú ar úsáidí lotnaidicídí i gcaitheamh tréimhse 3 bliana, is gá faireachán a dhéanamh ar lotnaidicídí sna táirgí sin i gcaitheamh sraith timthriallta 3 bliana chun gur féidir measúnú a dhéanamh ar neamhchosaint na dtomhaltóirí agus cur i bhfeidhm reachtaíocht an Aontais.

(3) Chuir an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia ("an tÚdarás") tuarascáil eolaíoch isteach maidir leis an measúnú ar dhearadh an chláir um monatóireacht lotnaidicídí ([4]). Thángthas ar an gconclúid sa tuarascáil sin go bhféadfaí ráta sáraithe uasteorann iarmhar os cionn 1 % a mheas le corrlach earráide 0,75 % trí 683 aonad shamplacha a roghnú i gcás íosmhéid 32 tháirge éagsúla. Ba cheart bailiú na samplaí sin a chionroinnt idir na Ballstáit i ndáil le figiúirí daonra, le híosmhéid 12 shampla in aghaidh an táirge agus in aghaidh na bliana.

(4) Cuireadh torthaí anailísí ó chláir rialaithe oifigiúla an Aontais roimhe sin san áireamh chun a áirithiú go mbeidh an raon lotnaidicídí a chumhdaítear leis an gclár rialaithe ionadaíoch ar na lotnaidicídí a bheidh in úsáid.

(5) Foilsíodh treoir maidir le nósanna imeachta anailíseacha um rialú cáilíochta agus bailíochtú i gcomhair iarmhair lotnaidicídí i mbia agus i mbeatha ([5]) a anailísiú ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin.

(6) I gcás ina n-áirítear substaintí gníomhacha eile, meitibilítí agus/nó táirgí dianscaoilte nó imoibriúcháin sa sainmhíniú ar iarmhar i gcás lotnaidicíde, ba cheart na comhdhúile sin a thuairisciú ar leithligh a mhéid a thomhaistear ar bhonn indibhidiúil iad ([6]).

---

([1]) IO L 70, 16.3.2005, lch. 1.

([2]) Rialachán (CE) Uimh. 1213/2008 ón gCoimisiún an 5 Nollaig 2008 maidir le clár rialaithe comhordaithe ilbhliantúil Comhphobail le haghaidh 2009, 2010 agus 2011 chun a áirithiú go gcomhlíonfar uasteorainneacha iarmhar lotnaidicídí agus chun neamhchosaint tomhaltóirí ar iarmhair lotnaidicídí i mbia agus ar bhia de bhunadh plandaí agus ainmhíoch a mheas (IO L 328, 6.12.2008, lch. 9).

([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/741 ón gCoimisiún an 13 Bealtaine 2022 maidir le clár rialaithe comhordaithe ilbhliantúil Aontais le haghaidh 2023, 2024 agus 2025 d'fhonn a áirithiú go gcomhlíonfar uasteorainneacha iarmhar lotnaidicídí agus chun neamhchosaint tomhaltóirí ar iarmhair lotnaidicídí i mbia agus ar bhia de bhunadh plandaí agus ainmhíoch a mheas (IO L 137, 16.5.2022, lch. 12).

([4]) An tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia; clár um monatóireacht lotnaidicídí: measúnú ar dhearadh. *EFSA Journal* [Iris EFSA] 2015;13(2):4005.

([5]) Doiciméad SANTE/11312/2021.

([6]) SANCO/12574/2014, Doiciméad Oibre maidir le teorainneacha cainníochtaithe (LOQanna) a achoimriú i gcás sainmhínithe ar iarmhair choimpléascacha.

(7) Chomhaontaigh na Ballstáit, an Coimisiún agus an tÚdarás modhanna cur chun feidhme chun torthaí anailíse ar iarmhair lotnaidicídí a chur isteach amhail leagan 2 den Tuairisc Chaighdeánach ar Shamplaí agus an Treoirlíne maidir le Faireachán ar Cheimiceáin a Thuairisciú, a bhaineann le faisnéis á cur isteach ag na Ballstáit.

(8) Maidir leis na nósanna imeachta samplála, is í Treoir 2002/63/CE ([7]) ón gCoimisiún ina n-ionchorpraítear modhanna samplála agus nósanna imeachta arna moladh ag an gCoimisiún Codex Alimentarius ar cheart feidhm a bheith aici.

(9) Is gá measúnú a dhéanamh an bhfuil uasteorainneacha iarmhar á gcomhlíonadh maidir le bia do naíonáin agus leanaí óga dá bhforáiltear in Airteagal 4 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/127 ón gCoimisiún ([8]), in Airteagal 3 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/128 ón gCoimisiún ([9]) agus in Airteagal 7 de Threoir 2006/125/CE ([10]) ón gCoimisiún, agus gan ach na sainmhínithe ar iarmhair a leagtar amach i Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 á gcur san áireamh.

(10) A mhéid a bhaineann le modhanna d'iarmhair aonair, ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann a n-oibleagáidí anailíse a chomhlíonadh trí dhul i muinín saotharlann oifigiúil a bhfuil na modhanna riachtanacha bailíochtaithe acu cheana féin.

(11) Ba cheart, faoin 31 Lúnasa gach bliain, go ndéanfadh na Ballstáit an fhaisnéis a bhaineann leis an mbliain féilire roimhe sin a chur isteach.

(12) Chun aon mhearbhall a sheachaint, ag éirí as forluí idir cláir ilbhliantúla as a chéile, ba cheart Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/741 a aisghairm. Mar sin féin, ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán sin i gcónaí i gcás samplaí a tástáladh in 2023.

(13) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

I rith na mblianta 2024, 2025 agus 2026, glacfaidh na Ballstáit ([11]) samplaí i gcás na dteaglamaí lotnaidicídí/táirgí, arna leagan amach in Iarscríbhinn I, agus déanfaidh siad anailís orthu.

An líon samplaí de gach táirge a thógfar agus a ndéanfar anailís air, déanfar sin de réir mar a leagtar amach in Iarscríbhinn II.

([7]) Treoir 2002/63/CE ón gCoimisiún an 11 Iúil 2002 lena mbunaítear modhanna samplála Comhphobail chun iarmhair lotnaidicídí i mbia agus i mbeatha de bhunadh plandaí agus de bhunadh ainmhíoch, nó ar bhia agus ar bheatha den sórt sin, a rialú go hoifigiúil agus lena n-aisghairtear Treoir 79/700/CEE (IO L 187, 16.7.2002, lch. 30).

([8]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/127 ón gCoimisiún an 25 Meán Fómhair 2015 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 609/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis na ceanglais shonracha i ndáil le comhdhéanamh agus faisnéis le haghaidh bainne foirmlí do naíonáin agus bainne foirmlí leantach do naíonáin agus a mhéid a bhaineann leis na ceanglais i ndáil le faisnéis a bhaineann le beathú naíonán agus leanaí óga (IO L 25, 2.2.2016, lch. 1).

([9]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/128 ón gCoimisiún an 25 Meán Fómhair 2015 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 609/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le ceanglais shonracha i ndáil le comhdhéanamh agus faisnéis le haghaidh bia chun críocha speisialta míochaine (IO L 25, 2.2.2016, lch. 30).

([10]) Treoir 2006/125/CE ón gCoimisiún an 5 Nollaig 2006 maidir le bianna gránachbhunaithe próiseáilte agus bianna do naíonáin agus do leanaí óga (IO L 339, 6.12.2006, lch. 16).

([11]) I gcomhréir leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, agus go háirithe Airteagal 5(4) den Phrótacal maidir le hÉirinn/Tuaisceart Éireann i gcomhréir le roinn 24 d'Iarscríbhinn 2 a ghabhann leis an bPrótacal sin, chun críocha an Rialacháin seo, baineann tagairtí do na Ballstáit leis an Ríocht Aontaithe i dtaca le Tuaisceart Éireann de.

*Airteagal 2*

1. Is go randamach a roghnófar an bhaisc a bheidh le sampláil.

Beidh an nós imeachta samplála, lena n-áirítear an líon aonad, i gcomhlíonadh Threoir 2002/63/CE.

2. Déanfar anailís ar gach sampla, lena n-áirítear samplaí de bhianna a cheaptar lena n-úsáid do naíonáin agus do leanaí óga agus táirgí de thionscnamh na feirmeoireachta orgánaí, le haghaidh na lotnaidicídí dá dtagraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo i gcomhréir leis na sainmhínithe ar iarmhair arna leagan amach i Rialachán (CE) Uimh. 396/2005.

3. Maidir le bianna a cheaptar lena n-úsáid do naíonáin agus do leanaí óga, déanfar meastóireacht ar na samplaí maidir leis na táirgí amhail a bheartaítear iad a chaitheamh nó mar bhianna athdhéanta i gcomhréir le treoracha na monaróirí, agus na huasteorainneacha iarmhar lotnaidicídí a leagtar amach i dTreoir 2006/125/CE agus i Rialacháin Tharmligthe (AE) 2016/127 agus (AE) 2016/128 á gcur san áireamh. I gcás inar féidir bianna den sórt sin a chaitheamh mar bhia arna dhíol agus mar bhia athdhéanta araon, is ar an táirge arna dhíol a dhéanfar na torthaí a thuairisciú.

*Airteagal 3*

Cuirfidh na Ballstáit torthaí na hanailíse ar na samplaí a tástáladh in 2024, 2025 agus 2026 isteach faoin 31 Lúnasa 2025, 2026 agus 2027 faoi seach san fhormáid tuairiscithe leictreonach arna leagan amach ag an Údarás.

I gcás ina mbeidh níos mó ná comhdhúil amháin (substaint ghníomhach agus/nó meitibilít nó táirge dianscaoilte nó imoibriúcháin) san áireamh sa sainmhíniú ar iarmhar lotnaidicíde, tuairisceoidh na Ballstáit torthaí na n-anailísí i gcomhréir leis an sainmhíniú iomlán ar an iarmhar. Déanfar torthaí na n-anailísí uile ar cuid den sainmhíniú ar iarmhar iad a chur isteach ar leithligh, a mhéid a dhéantar iad a thomhas ar bhonn aonair.

*Airteagal 4*

Aisghairtear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/741.

A mhéid a bhaineann le samplaí a tástáladh in 2023, áfach, leanfaidh sé d'fheidhm a bheith aige go dtí an 1 Meán Fómhair 2024.

*Airteagal 5*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an 1 Eanáir 2024.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 3 Aibreán 2023.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN

*IARSCRÍBHINN I*

Cuid A

**Táirgí ([1]) de bhunadh plandaí ([2]) atá le sampláil in 2024, 2025 agus 2026**

| 2024 | 2025 | 2026 |
|---|---|---|
| (b) | (c) | (a) |
| (0151010) Fíonchaora boird ([1]) | (0130010) Úlla ([1]) | (0110020) Oráistí ([1]) |
| (0163020) Bananaí ([1]) | (0152000) Sútha talún ([1]) | (0130020) Piorraí ([1]) |
| (0110010) Seadóga ([1]) | (0140030) Péitseoga, lena n-áirítear neachtairíní agus hibridí comhchosúla ([1]) | (0162010) Torthaí cíobhaí ([1]) |
| (0231030) Ubhthorthaí ([1]) | Fíon (dearg nó bán) a rinneadh as Fíonchaora (0151020) (i gcás nach bhfuil aon fhachtóirí próiseála sonracha ar fáil le haghaidh fíona, tuairisceoidh na Ballstáit na fachtóirí próiseála fíona a úsáideadh). | (0241020) Cóiliseacha ([1]) |
| (0241010) Brocailí ([1]) | (0251020) Leitísí ([1]) | (0220020) Oinniúin ([1]) |
| (0233010) Mealbhacáin ([1]) | (0242020) Cabáistí cinn ([1]) | (0213020) Cairéid ([1]) |
| (0280010) Fungais shaothraithe ([1]) | (0231010) Trátaí ([1]) | (0211000) Prátaí ([1]) |
| (0231020) Piobair mhilse/piobair chloigíneacha ([1]) | (0252010) Spionáistí ([1]) | (0300010) Pónairí (triomaithe) ([1]) |
| (0500090) Grán cruithneachta ([2]) | (0500050) Grán coirce ([2]), ([3]) | (0500070) Grán seagail ([2]) |
| Ola olóige íon ó Ológa le haghaidh táirgeadh ola (0402010) (i gcás nach bhfuil aon fhachtóir sonrach próiseála ola ar fáil, tuairisceoidh na Ballstáit na fachtóirí próiseála a úsáideadh). | (0500010) Grán eorna ([2]), ([4]) | (0500060) Rís dhonn (rís scilte), arna sainiú mar rís nuair a bhaintear an crotal de rís gan scilligeadh ([5]) |

([1]) Déanfar anailís ar tháirgí neamhphróiseáilte. I gcás táirgí a sampláladh i staid reoite, tuairisceofar fachtóir próiseála, más infheidhme.

([2]) Mura mbeidh aon sampla leordhóthanach de ghráinní seagail, cruithneachta, coirce nó eorna ar fáil, d'fhéadfaí anailís a dhéanamh ar phlúr slánghráinneach seagail, cruithneachta, coirce nó eorna freisin agus tuairisceofar fachtóir próiseála.

([3]) Mura mbeidh aon sampla leordhóthanach de ghráinní coirce ar fáil, is féidir an chuid den líon samplach a theastaíonn i gcás gráinní coirce nach bhféadfaí a ghlacadh a chur leis an líon samplach i gcás gráinní eorna, rud a d'fhágfadh líon samplach laghdaithe i gcás gráinní coirce agus líon samplach breisithe dá réir i gcás gráinní eorna.

([4]) Mura mbeidh aon sampla leordhóthanach de ghráinní eorna ar fáil, is féidir an chuid den líon samplach a theastaíonn i gcás gráinní eorna nach bhféadfaí a ghlacadh a chur leis an líon samplach i gcás gráinní coirce, rud a d'fhágfadh líon samplach laghdaithe i gcás gráinní eorna agus líon samplach breisithe dá réir i gcás gráinní coirce.

([5]) Is féidir grán ríse snasta a anailísiú freisin, i gcás inarb iomchuí. Tuairisceofar cibé acu an rís scilte nó rís snasta a anailísíodh. Más rís snasta a anailísíodh, tuairisceofar fachtóir próiseála.

([1]) Cóid táirgí i gcomhréir le hIarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ón gCoimisiún (IO L 70, 16.3.2005, lch. 1).

([2]) Na codanna de na hamhtháirgí a bhfuil feidhm ag uasteorainneacha iarmhar (MRLanna) ina leith, déanfar anailís orthu maidir le príomhtháirge an ghrúpa nó an fhoghrúpa arna liostú i gcuid A d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ón gCoimisiún mura sonraítear a mhalairt.

Cuid B

**Táirgí** [3] **de bhunadh ainmhíoch** [4] **atá le sampláil in 2024, 2025 agus 2026**

| 2024 | 2025 | 2026 |
|---|---|---|
| (d) | (e) | (f) |
| (1012020) Saill buaibheach [1], [1] | (1020010) Bainne bó [2] | (1016020) Saill éanlaithe clóis [1], [1] |
| (1030010) Uibheacha sicín [1], [3] | (1011020) Saill muc [1], [1] | (1012030) Ae buaibheach [1] |

[1] Féadfar feoil a shampláil freisin i gcomhréir le Tábla 3 den Iarscríbhinn a ghabhann le Treoir 2002/63/CE ón gCoimisiún (IO L 187, 16.7.2002, lch. 30).
[2] Déanfar anailís ar bhainne úr (neamhphróiseáilte), mar aon le bainne reoite, paistéartha, téite, steirilithe nó scagtha.
[3] Is uibheacha iomlána gan an sliogán a anailíseofar.

Cuid C:

**Teaglamaí iarmhar lotnaidicíde/táirgí a bhfuil anailís le déanamh orthu i dtáirgí de bhunadh plandaí nó ar na táirgí sin**

| | 2024 | 2025 | 2026 | Tráchtanna |
|---|---|---|---|---|
| 2,4-D | (b) | (c) | (a) | Is i seadóga, fíonchaora boird, ubhthorthaí agus brocailí, agus orthu, amháin, a dhéanfar anailís air in 2024; i leitísí, spionáistí agus trátaí, agus orthu, in 2025; in oráistí, cóiliseacha, rís dhonn agus pónairí triomaithe, agus orthu, in 2026. |
| 2-Feinilfeanól | (b) | (c) | (a) | |
| Abaimeictin | (b) | (c) | (a) | |
| Aicéafáit | (b) | (c) | (a) | |
| Aicéataimíprid | (b) | (c) | (a) | |
| Aclóinifein | | | (a) | Is i gcairéid agus ar chairéid, amháin, a dhéanfar anailís uirthi in 2026. |
| Aicrinitrin | (b) | (c) | (a) | |
| Aildíocarb | (b) | (c) | (a) | |
| Aildrin agus dé-eildrin | (b) | (c) | (a) | |
| Aimeatochtraidin | (b) | (c) | (a) | |
| Aisíonfos-meitil | (b) | (c) | (a) | |
| Asocsastróibin | (b) | (c) | (a) | |
| Défheintrin | (b) | (c) | (a) | |
| Défheinil | (b) | (c) | (a) | |
| Déthreasanól | (b) | (c) | (a) | |
| Boscailid | (b) | (c) | (a) | |
| Ian bróimíde | (b) | (c) | (a) | Is i bpiobair mhilse/piobair chloigíneacha, agus orthu, amháin, a dhéanfar anailís uirthi in 2024; i leitísí agus i dtrátaí, agus orthu, in 2025; i rís dhonn agus uirthi in 2026. |

[3] Cóid táirgí i gcomhréir le hIarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ón gCoimisiún (IO L 70, 16.3.2005, lch. 1).
[4] Na codanna de na hamhtháirgí a bhfuil feidhm ag uasteorainneacha iarmhar (MRLanna) ina leith, déanfar anailís orthu maidir le príomhtháirge an ghrúpa nó an fhoghrúpa arna liostú i gcuid A d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ón gCoimisiún mura sonraítear a mhalairt.

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| Brómapróipioláit | (b) | (c) | (a) | |
| Búipireamáit | (b) | (c) | (a) | |
| Búpróifisin | (b) | (c) | (a) | |
| Captan | (b) | (c) | (a) | |
| Carbairil | (b) | (c) | (a) | |
| Cairbeandaisim agus beinimil | (b) | (c) | (a) | |
| Carbafúrán | (b) | (c) | (a) | |
| Clórantrainileapról | (b) | (c) | (a) | |
| Clóirfeinipir | (b) | (c) | (a) | |
| Clóirmeacuat | (b) | (c) | (a) | Is in ubhthorthaí, fíonchaora boird, fungais shaothraithe agus cruithneacht, agus orthu, amháin, a dhéanfar anailís air in 2024; i dtrátaí, coirce agus eorna, agus orthu, in 2025; i gcairéid, piorraí, seagal agus rís dhonn, agus orthu, in 2026. |
| Clóratailinil | (b) | (c) | (a) | |
| Clórprófam | (b) | (c) | (a) | |
| Clóirpireafos | (b) | (c) | (a) | |
| Clóirpireafos-meitil | (b) | (c) | (a) | |
| Clóifeintisín | (b) | (c) | (a) | |
| **Clóipirilid** | (b) | (c) | (a) | |
| Clóitiainídin | (b) | (c) | (a) | |
| **Comhdhúile copair** | (b) | (c) | (a) | |
| Ciantrainileapról | (b) | (c) | (a) | |
| Ciasófaimid | (b) | (c) | (a) | |
| Ciofluifeanaimíd | (b) | (c) | (a) | |
| Ciafluitrin | (b) | (c) | (a) | |
| Ciamocsainil | (b) | (c) | (a) | |
| Cipirmeitrin | (b) | (c) | (a) | |
| Ciopróconasól | (b) | (c) | (a) | |
| Ciopróidinil | (b) | (c) | (a) | |
| Ciorómaisín | (b) | (c) | (a) | Is in ubhthorthaí, piobair mhilse/piobair chloigíneacha, mealbhacáin agus fungais shaothraithe, agus orthu, amháin, a dhéanfar anailís air in 2024; i leitísí agus i dtrátaí, agus orthu, in 2025; i bprátaí, oinniúin agus cairéid, agus orthu, in 2026. |
| Deiltemheitrin | (b) | (c) | (a) | |
| Dé-aisionón | (b) | (c) | (a) | |
| Déchlórvos | (b) | (c) | (a) | |
| Déchlórán | (b) | (c) | (a) | |
| Déchófól | (b) | (c) | (a) | |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| Dé-eatofeancarb | (b) | (c) | (a) | |
| Défeanacónasól | (b) | (c) | (a) | |
| Défhluibeansúrón | (b) | (c) | (a) | |
| Démheatóáit | (b) | (c) | (a) | |
| Démheatamorf | (b) | (c) | (a) | |
| Déníoconasól | (b) | (c) | (a) | |
| Défheiniolaimín | (b) | (c) | (a) | |
| Déthianon | (b) | (c) | (a) | Is i bhfíonchaora boird agus ar fhíonchaora boird, amháin, a dhéanfar anailís air in 2024; in úlla agus péitseoga, agus orthu, in 2025; i bpiorraí agus rís dhonn, agus orthu, in 2026. |
| Déthiacarbamáití | (b) | (c) | (a) | Déanfar anailís orthu sna tráchtearraí liostaithe uile, agus orthu, cé is moite de bhrocailí, cóiliseacha, cabáistí cinn, ola olóige, fíon agus oinniúin. |
| Dóidín | (b) | (c) | (a) | |
| Beansóáit emamfheictin B1a, arna léiriú mar eimimeictin | (b) | (c) | (a) | |
| Ionsulfán | (b) | (c) | (a) | |
| Eapocsaconasól | (b) | (c) | (a) | |
| Eiteafón | (b) | (c) | (a) | Is i bpiobair mhilse/piobair chloigíneacha, cruithneacht agus fíonchaora boird, agus orthu, amháin, a dhéanfar anailís air in 2024; in úlla, péitseoga, trátaí agus fíon, agus orthu, 2025; in oráistí agus piorraí, agus orthu, in 2026. |
| Eitión | (b) | (c) | (a) | |
| Eitireamól | (b) | (c) | (a) | |
| Eatafeanprocs | (b) | (c) | (a) | |
| Eatocsasól | (b) | (c) | (a) | |
| Ocsaíd eitiléine | (b) | (c) | (a) | Is i gcruithneacht agus ar chruithneacht amháin a dhéanfar anailís uirthi in 2024; in eorna agus coirce, agus orthu, in 2025; i bpónairí (triomaithe), seagal agus rís dhonn, agus orthu, in 2026. |
| Famocsadón | (b) | (c) | (a) | |
| Feanaimíodón | (b) | (c) | (a) | |
| Feanaimíofos | (b) | (c) | (a) | |
| Feanaramól | (b) | (c) | (a) | |
| Feanasacuin | (b) | (c) | (a) | |
| Feanbúconasól | (b) | (c) | (a) | |
| Ocsaíd feintircíneach | (b) | (c) | (a) | Is in ubthorthaí, seadóga, piobair mhilse/piobair chloigíneacha agus fíonchaora boird, agus orthu, amháin, a dhéanfar anailís uirthi in 2024; in úlla, sútha talún, péitseoga, trátaí agus fíon, agus orthu, 2025; in oráistí agus piorraí, agus orthu, in 2026. |
| Feinheacsaimíd | (b) | (c) | (a) | |
| Feinítritión | (b) | (c) | (a) | |
| Feanocsacarb | (b) | (c) | (a) | |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| Feanprópáitrin | (b) | (c) | (a) | |
| Feanpróipidin | (b) | (c) | (a) | |
| Feanprópamorf | (b) | (c) | (a) | |
| Feinpiorasaimín | (b) | (c) | (a) | |
| Feinpiorocsamáit | (b) | (c) | (a) | |
| Feintión | (b) | (c) | (a) | |
| Feanvailéaráit | (b) | (c) | (a) | |
| Fiprinil | (b) | (c) | (a) | |
| Floiniocaimíd | (b) | (c) | (a) | |
| Fluasafop-P | (b) | (c) | (a) | Is in ubthorthaí, seadóga, piobair mhilse/piobair chloigíneacha agus fíonchaora boird, agus orthu, amháin, a dhéanfar anailís air in 2024; i sútha talún, cabáistí cinn, leitísí, spionáistí agus trátaí, agus orthu, in 2025; i gcóiliseacha, pónairí triomaithe, prátaí agus cairéid, agus orthu, in 2026. |
| Fluibeindé-aimíd | (b) | (c) | (a) | |
| Fluidhé-ocsainil | (b) | (c) | (a) | |
| Fluifeanocsúrón | (b) | (c) | (a) | |
| Fluaipicilíd | (b) | (c) | (a) | |
| Fluaipioram | (b) | (c) | (a) | |
| **Fluipiridhéfhúrón** | (b) | (c) | (a) | |
| Flucuineonasól | (b) | (c) | (a) | |
| Fluisiolasól | (b) | (c) | (a) | |
| Flutriafól | (b) | (c) | (a) | |
| Floscaipiorocsad | (b) | (c) | (a) | |
| Foilpéad | (b) | (c) | (a) | |
| Foirmeiteanáit | (b) | (c) | (a) | |
| Foiseitil-Al | (b) | (c) | (a) | |
| Foistiasáit | (b) | (c) | (a) | |
| Amóiniam glúfosanáite | (b) | (c) | (a) | |
| Gliofosáit | (b) | (c) | (a) | |
| Halocsafop lena n-áirítear halocsafop-P | (b) | (c) | (a) | Is i mbrocailí, seadóga, piobair mhilse/piobair chloigíneacha agus cruithneacht, agus orthu, amháin, a dhéanfar anailís air in 2024; i sútha talún agus cabáistí cinn, agus orthu, in 2025; i bpónairí triomaithe agus orthu in 2026. |
| Heicseaconasól | (b) | (c) | (a) | |
| Heicsitiasocs | (b) | (c) | (a) | |
| Iomasailil | (b) | (c) | (a) | |
| Imíodaclóiprid | (b) | (c) | (a) | |
| Iondocsacarb | (b) | (c) | (a) | |
| Iopróidhé-ón | (b) | (c) | (a) | |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| Iopróvalacarb | (b) | (c) | (a) | |
| Isocarbofos | (b) | (c) | (a) | |
| Iosapróitiolán | | | (a) | Is i rís dhonn agus ar rís dhonn, amháin, a dhéanfar anailís air in 2026. Ní dhéanfar anailís air in aon táirge ná ar aon táirge in 2024 agus in 2025. |
| Creasocsaim-meitil | (b) | (c) | (a) | |
| Lambda-ciahalaitrin | (b) | (c) | (a) | |
| Lionúrón | (b) | (c) | (a) | |
| Lúifeanúrón | (b) | (c) | (a) | |
| Malaitian | (b) | (c) | (a) | |
| Hiodraisíd mhailéach | | | (a) | Is in oinniúin agus prátaí, agus orthu, amháin, a dhéanfar anailís uirthi in 2026. |
| Mandaprópaimíd | (b) | (c) | (a) | |
| Meapainipirim | (b) | (c) | (a) | |
| Meipiocuat | (b) | (c) | (a) | Is i bhfungais shaothraithe agus cruithneacht, agus orthu, amháin, a dhéanfar anailís air in 2024; in eorna agus coirce, agus orthu, in 2025; i bpiorraí, seagal agus rís dhonn, agus orthu, in 2026. |
| Meataflumasón | (b) | (c) | (a) | |
| Meatalacsail agus meatalacsail-M | (b) | (c) | (a) | |
| Meataimídeafos | (b) | (c) | (a) | |
| Meitíodaitión | (b) | (c) | (a) | |
| Meitiacarb | (b) | (c) | (a) | |
| Meitimil | (b) | (c) | (a) | |
| Meatocsaifeinisíd | (b) | (c) | (a) | |
| Meitrifeanón | (b) | (c) | (a) | |
| Monacrótafos | (b) | (c) | (a) | |
| Míoclóbútainil | (b) | (c) | (a) | |
| **Nicitín** | (b) | (c) | (a) | Is i bhfíonchaora boird agus ar fhíonchaora boird, amháin, a dhéanfar anailís air in 2024; in úlla, leitísí agus trátaí, agus orthu, in 2025; in oinniúin agus prátaí, agus orthu, in 2026. |
| Óimeatóáit | (b) | (c) | (a) | |
| Ocsáidicsil | (b) | (c) | (a) | |
| Ocsaimil | (b) | (c) | (a) | |
| Ocsaidhémheatón-meitil | (b) | (c) | (a) | |
| Paclabútrasól | (b) | (c) | (a) | |
| Meitil pharaitióin | (b) | (c) | (a) | |
| Peanconasól | (b) | (c) | (a) | |
| Peinciocúrón | (b) | (c) | (a) | |
| Peindémheatailin | (b) | (c) | (a) | |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| Sármheitrin | (b) | (c) | (a) | |
| Foismeit | (b) | (c) | (a) | |
| Pirimeacarb | (b) | (c) | (a) | |
| Pirimeafos-meitil | (b) | (c) | (a) | |
| Próclóras | (b) | (c) | (a) | |
| Próicimiodón | (b) | (c) | (a) | |
| Próifeanafos | (b) | (c) | (a) | |
| Própamacarb | (b) | (c) | (a) | Is i bhfíonchaora boird, mealbhacáin, ubhthorthaí, brocailí, piobair mhilse/piobair chloigíneacha agus cruithneacht agus orthu, amháin, a dhéanfar anailís air in 2024; i sútha talún, cabáistí cinn, spionáistí, leitísí, trátaí agus eorna agus orthu, in 2025; i gcairéid, cóiliseacha, oinniúin agus prátaí, agus orthu, in 2026. |
| Própairgít | (b) | (c) | (a) | |
| Própacanasól | (b) | (c) | (a) | |
| Próipiosaimíd | (b) | (c) | (a) | |
| Prócuineaisíd | (b) | (c) | (a) | |
| Prósulfacarb | (b) | (c) | (a) | |
| Próitiaconasól | (b) | (c) | (a) | Is i bpiobair mhilse/piobair chloigíneacha agus cruithneacht, agus orthu, amháin, a dhéanfar anailís air in 2024; i gcabáistí cinn, leitísí, trátaí, coirce agus eorna, agus orthu, in 2025; i gcairéid, oinniúin, seagal agus rís dhonn, agus orthu, in 2026. |
| Pimeatraisín | (b) | (c) | | Is in ubhthorthaí, mealbhacáin agus piobair mhilse/piobair chloigíneacha, agus orthu, amháin, a dhéanfar anailís air in 2024; i gcabáistí cinn, leitísí, sútha talún, spionáistí agus trátaí agus orthu, in 2025. Ní dhéanfar anailís air in aon táirge ná ar aon táirge in 2026. |
| Pireaclóstróibin | (b) | (c) | (a) | |
| Piridibein | (b) | (c) | (a) | |
| Pireadailil | (b) | (c) | (a) | |
| Pirimeatanail | (b) | (c) | (a) | |
| Pireaprocsaifein | (b) | (c) | (a) | |
| Cuineocsaifein | (b) | (c) | (a) | |
| Spíonatóram | (b) | (c) | (a) | |
| Spíonasad | (b) | (c) | (a) | |
| Spiridhéchlóifein | (b) | (c) | (a) | |
| Spirimeisifein | (b) | (c) | (a) | |
| Spiorocsaimín | (b) | (c) | (a) | |
| Spiriteitreamat | (b) | (c) | (a) | |
| Sulfocsaflór | (b) | (c) | (a) | |
| Tó-fluvailionáit | (b) | (c) | (a) | |
| Teabúconasól | (b) | (c) | (a) | |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| Teabúifeanóisíd | (b) | (c) | (a) | |
| Teabúifeinpiorad | (b) | (c) | (a) | |
| Teafluibeansúrón | (b) | (c) | (a) | |
| Teafluitrin | (b) | (c) | (a) | |
| Tríbhúitiolaisín | (b) | (c) | (a) | |
| Teitreaconasól | (b) | (c) | (a) | |
| Teitridhéfhón | (b) | (c) | (a) | |
| Tiaibeandasól | (b) | (c) | (a) | |
| Tiaclóiprid | (b) | (c) | (a) | |
| Tiaimeatocsam | (b) | (c) | (a) | |
| Tiaidhécharb | (b) | (c) | (a) | |
| Tiafanáit-meitil | (b) | (c) | (a) | |
| Tolclófos-meitil | (b) | (c) | (a) | |
| Trí-aidhémheafón | (b) | (c) | (a) | |
| Tri-aidhémheanól | (b) | (c) | (a) | |
| Trí-asafos | (b) | (c) | (a) | |
| Tríchioglasól | | | (a) | Is i rís dhonn agus ar rís dhonn, amháin, a dhéanfar anailís air in 2026. |
| Trífhlocsastróibin | (b) | (c) | (a) | |
| **Trífhlumasól** | (b) | (c) | (a) | |
| Trífhlumúrón | (b) | (c) | (a) | |
| Fíoncleasóilin | (b) | (c) | (a) | |
| **Socsaimíd** | (b) | (c) | (a) | |

Cuid D:

### Teaglamaí iarmhar lotnaidicíde/táirgí a bhfuil anailís le déanamh orthu i dtáirgí de bhunadh ainmhíoch nó ar na táirgí sin

| | 2024 | 2025 | 2026 | Tráchtanna |
|---|---|---|---|---|
| Aildrin agus dé-eildrin | (d) | (e) | (f) | |
| Défheintrin | (d) | (e) | (f) | |
| Clórdán | (d) | (e) | (f) | |
| **Clóirmeacuat** | | (e) | (f) | Is i mbainne bó agus ar bhainne bó amháin a dhéanfar anailís air in 2025; in ae buaibheach agus ar ae buaibheach in 2026. |
| Clóirpireafos | (d) | (e) | (f) | |
| Clóirpireafos-meitil | (d) | (e) | (f) | |
| **Comhdhúile copair** | (d) | (e) | (f) | |
| Cipirmeitrin | (d) | (e) | (f) | |
| DDT | (d) | (e) | (f) | |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| Deiltemheitrin | (d) | (e) | (f) | |
| Dé-aisionón | (d) | (e) | (f) | |
| Ionsulfán | (d) | (e) | (f) | |
| Famocsadón | (d) | (e) | (f) | |
| Feanvailéaráit | (d) | (e) | (f) | |
| Fiprinil | (d) | (e) | (f) | |
| Amóiniam glúfosanáite | (d) | (e) | (f) | |
| Gliofosáit | (d) | (e) | (f) | |
| Heipteaclór | (d) | (e) | (f) | |
| Heicseaclóraibeinséin | (d) | (e) | (f) | |
| Heicseaclóraicioglaiheacsán (HCH, Alfa-Isiméir) | (d) | (e) | (f) | |
| Heicseaclóraicioglaiheacsán (HCH, Béite-Isiméir) | (d) | (e) | (f) | |
| Iondocsacarb | | (e) | | Is i mbainne bó agus ar bhainne bó amháin a dhéanfar anailís air in 2025. |
| Liondán | (d) | (e) | (f) | |
| **Meipiocuat** | | (e) | (f) | Is i mbainne bó agus ar bhainne bó amháin a dhéanfar anailís air in 2025; in ae buaibheach agus ar ae buaibheach in 2026. |
| Meatocsaclór | (d) | (e) | (f) | |
| Paraitión | (d) | (e) | (f) | |
| Peindémheatailin | (d) | (e) | (f) | |
| Sármheitrin | (d) | (e) | (f) | |
| Pirimeafos-meitil | (d) | (e) | (f) | |

*IARSCRÍBHINN II*

**An líon samplaí dá dtagraítear in Airteagal 1**

(1) Leagtar amach i bpointe (5) an t-íosmhéid samplaí atá le glacadh i gcás gach táirge ar leith agus atá le hanailísiú i leith na lotnaidicídí a liostaítear in Iarscríbhinn I.

(2) De bhreis ar na samplaí a cheanglaítear i gcomhréir le pointe (5):

— déanfaidh gach Ballstát deich sampla de bhia próiseáilte gránachbhunaithe do naíonáin a ghlacadh agus a anailísiú in 2024;

— déanfaidh gach Ballstát deich sampla de bhianna do naíonáin agus do leanaí óga cé is moite de bhainne foirmle do naíonáin, bainne foirmle leantach agus bia próiseáilte gránachbhunaithe do naíonáin, a ghlacadh agus a anailísiú in 2025.

— déanfaidh gach Ballstát cúig shampla de bhainne foirmle do naíonáin agus cúig shampla de bhainne foirmle leantach a ghlacadh agus a anailísiú in 2026;

(3) Glacfar samplaí ó thráchtearraí a thagann ó fheirmeoireacht orgánach, i gcás ina mbeidh siad ar fáil, i gcomhréir leis an sciar den mhargadh a bheidh ag na tráchtearraí sin i ngach Ballstát ar leith, agus glacfar sampla amháin ar a laghad.

(4) Maidir le Ballstáit a úsáideann modhanna iliarmhair, féadfaidh siad modhanna scagtha cáilíochtúla a úsáid ar suas le 15 % de na samplaí a atá le glacadh agus le hanailísiú i gcomhréir le pointe (5). I gcás ina mbeidh modhanna scagtha cáilíochtúla in úsáid, déanfar fuílleach an lín samplaí a anailísiú le modhanna cainníochtúla iliarmhair.

I gcás ina dtabharfaidh an scagadh cáilíochtúil torthaí dearfacha, déanfaidh na Ballstáit gnáthmhodh sprice a úsáid chun na torthaí a chainníochtú.

(5) Íoslíon samplaí in aghaidh na bliana in aghaidh an tráchtearra:

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **BE** | **15** | | **LT** | **12** |
| **BG** | **15** | | **LU** | **12** |
| **CZ** | **15** | | **HU** | **15** |
| **DK** | **12** | | **MT** | **12** |
| **DE** | **106** | | **NL** | **20** |
| **EE** | **12** | | **AT** | **15** |
| **IE** | **12** | | **PL** | **51** |
| **EL** | **15** | | **PT** | **15** |
| **ES** | **55** | | **RO** | **22** |
| **FR** | **78** | | **SI** | **12** |
| **HR** | **12** | | **SK** | **12** |
| **IT** | **75** | | **FI** | **12** |
| **CY** | **12** | | **SE** | **15** |
| **LV** | **12** | | **UK(NI)** [1] | **12** |
| **AN LÍON IOMLÁN SAMPLAÍ: 683** | | | | |

[1] I gcomhréir leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, agus go háirithe Airteagal 5(4) den Phrótacal maidir le hÉirinn/Tuaisceart Éireann i dteannta Iarscríbhinn 2 a ghabhann leis an bPrótacal sin, tá feidhm ag an Rialachán seo maidir leis an Ríocht Aontaithe i ndáil le Tuaisceart Éireann agus sa Ríocht Aontaithe i ndáil le Tuaisceart Éireann.